

## Gaeilge na Sraithe Sóisearaí Am gairmiúil: roinnt moltaí

### Gníomhaíochtaí aonair

- An leagan cuí de *Shonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí* a íoslódáil agus a léamh (ar fáil ar [www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie) agus ar [www.jct.ie](http://www.jct.ie))
- Na Torthaí Foghlama a chíoradh, ceann ar cheann
- *Liosta Molta de Théacsanna Cuí don Chéad Bhliain* a íoslódáil agus a léamh
- Ábhar dualgais don 2ú & 3ú bl. (Imlitir 35, T1 & Imlitir 36, T2) a íoslódáil agus a léamh
- Téacs(anna) litríochta a roghnú agus a léamh ag machnamh ar na deiseanna foghlama a bhaineann leis (leo) chun na Torthaí Foghlama a chur i bhfeidhm
- Rannóg Gaeilge ar [www.jct.ie](http://www.jct.ie) a chuardach agus a úsáid mar acmhainn
- Pleananna do do ranganna féin a fhorbairt ag teacht lena bhfuil i bPlean Roinn Gaeilge na scoile don téarma sin
- Acmhainní a bhailiú/chruthú chun tacú le foghlaim an scoláire
- Intinní Foghlama a dhearadh do cheacht/do shraith de cheachtanna
- Critéir Ratha do thasc ranga agus rúibric chuí don mheasúnú a dhearadh
- Acmhainní oideachasúla ar líne ó fhoinsí iontaofa a fhiosrú

### Gníomhaíochtaí aonair/ghrúpa

- Torthaí Foghlama na Sonraíochta a chíoradh go mion
- Eilimintí na dTorthaí Foghlama a fhiosrú
- Féidearthachtaí do chomhtháthú na gcúig scil teanga a phlé
- Smaointe a fhorbairt ar bhealaí chun an Measúnú Foirmitheach a chur i bhfeidhm
- Súil siar a chaitheamh ar ábhar agus ar phríomhtheachtaireachtaí na laethanta FGL\* agus ar na hacmhainní atá ar fáil sa rannóg Gaeilge ar [www.jct.ie](http://www.jct.ie). \*Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
- Próiseas scagtha don Litríocht a phleanáil agus a chur i ngníomh
- Aipeanna taifeadta agus na féidearthachtaí a bhaineann leo a fhiosrú
- Trealamh taifeadta a eagrú agus dul i dtiaíth ar conas é a úsáid

### Gníomhaíochtaí na roinne

- Aidhmeanna agus cur chuige do phróiseas comhoibríoch pleanála na roinne a phlé
- Acmhainní pleanála ar rannóg Gaeilge [www.jct.ie](http://www.jct.ie) a fhiosrú
- Féachaint ar na físghabhálacha scáileáin ar [www.jct.ie](http://www.jct.ie)
- Aonaid Foghlama a dhearadh le chéile
- Acmhainní don teagasc agus don fhoghlaim a roinnt ar a chéile agus dul sa tóir ar théacsanna/acmhainní tacúla eile
- Smaointe a fhorbairt agus a roinnt ar chur chuige i leith an mheasúnaithe fhoirmithigh; deiseanna don difreáil a phlé
- Obair na scoláirí a phlé/a mheas le chéile
- Deiseanna úsáide Gaeilge do ghrúpa scoláirí/ranganna áirithe/bhliainghrúpa/phobal uile na scoile a phleanáil
- Deiseanna úsáide leis an bpobal teanga seachtrach a thapú
- Deiseanna a thapú líonrú le múinteoirí Gaeilge/múinteoirí ábhair eile i bhur scoil féin/i scoileanna eile/go náisiúnta
- Machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar éirigh le hAonad Foghlama ar leith ó thaobh an teagaisc agus na foghlama de
- Plean don Aonad a leasú ag eascairt as an bplé/machnamh

Am  
Gairmiúil  
do  
Mhúinteoirí  
Gaeilge  
2018-19